(He goes out walking or he stays inside by the fire reading).
- 10.30: Tugann a mháthair a shuipéar dó* - braon bainne agus cúpla briosca
(His mother gives him (lit. to him) his supper - milk and a couple of biscuits).
- 11.00: Baineann sé de a chuid éadaigh.
(He takes off (lit. off him) his clothes).
- 11.05: Téann sé a chodladh.
(He goes to sleep)

* This section introduces what is known in Irish grammar as the prepositional pronoun. In sentences like *Tugann sí a shuipéar dó* - She gives him his supper (lit. She gives his supper to him), you will notice that the phrase *to him* is expressed in Irish by a single form i.e. the preposition *to* and the pronoun *him* are combined in a single form *dó*. Most prepositions when combined with a pronoun are treated in the same way. Thus *dó* (to, for) combines with the personal pronouns *mé, tú, sé, sí, muid, sibh* and *siad* (see Unit 1.6.1.) to form the following set:

<i>dom**</i>	- to or for me	<i>dúinn</i>	- to or for us
<i>duit</i>	- " " " you	<i>daoibh</i>	- " " " you
<i>dó</i>	- " " " him	<i>dóibh</i>	- " " " them
<i>di</i>	- " " " her		

** The Ulster dialect form of this word has *séimhiú* on the *m*, although the standard form (without *séimhiú*) is the one normally used in spelling. The Ulster pronunciation is used throughout the course.

Example: What does his mother do at 10.30 ?
She gives him his supper.
Does she give him his dinner ? No.
What does your mother give you, Pádraig ?
She gives me my supper.

1. Tugann sé cuidiú do Leon agus mé?
agus Seán?
agus na cailíní?
agus Máire?
2. Tabhair seans do Leon agus Seán?
agus na buachaillí?
agus muid féin?
agus tú féin?
3. Fág áit do Leon sa charr agus Seán?
agus mé?
agus Úna?
agus tú féin?

1.11.2. TEIST Questions on tape

1.11.3. ABAIRTÍ

1. Déan gar dom.
2. Faigh an leabhar sin dom, a Phádraig.
3. Ba cheart duit an pictiúr sin a fheiceáil.

1. He gives help to Leon ... and me ? *dom*
i.e. He gives me help.
And Seán? ... *dó*
And the girls ? ... *dóibh*
And Máire? ... *di*
2. Give Leon a chance ... (lit. Give a chance to Leon)
And Seán ? ... *dó*
And the boys ? ... *dóibh*
And ourselves ? ... *dúinn féin**
And yourself ? ... *duit féin*
3. Leave a place for Leon in the car.
And Seán ? ... *dó*
And me ? ... *dom*.
And Úna? ... *di*
And yourself ? ... *duit féin*

* *mé* = I or me, *mé féin* = myself; *dom* = to or for me, *dom féin* = to or for myself.

- 1.11.2. *Cad é dhéanann Pádraig ar 8.00 p.m.?*
Téann sé amach ag siúl nó fanann sé istigh cois tine ag léamh.
An bhfanann sé istigh ag éisteacht leis an raidió?
Ní fhanann.
An dtéann sé amach ag imirt peile (playing football)?
Ní théann.
Cé thagann isteach ar 10.30 p.m.?
Tagann a mháthair isteach.
Cad é dhéanann sí ?
Tugann sí a shuipéar dó.
Cad é thugann sí dó don suipéar ?
Tugann sí braon bainne agus cúpla briosca dó.
An dtugann sí braon tae dó ?
Ní thugann.
Cad é dhéanann Pádraig ar 11.00 p.m.?
Baineann sé de a chuid éadaigh.
Cad é dhéanann do mháthair ar 10.30 p.m., a Phádraig ?
Tugann sí mo shuipéar dom.
An dtugann sí braon caife duit ?
Ní thugann.
Cad é dhéanann tú ar 11.05 p.m.?
Téim a chodladh.

- 1.11.3. 1. Do me a favour. (lit. Do a favour for me.)
2. Get that book for me, Pádraig.
3. You ought to see that picture.

1.11.4. LÉIGH

- Séamas: Inis seo dom, a Mháire. Cá bhfuil tú ag dul ar do laethanta saoire i mbliana?
- Máire: Tá mé ag dul * síos go Ciarraí.
- Séamas: An dtéann tú ansin gach bliain?
- Máire: Ní théim, seo an chéad uair dom. Téim go Gaillimh de ghnáth, ach bíonn an-spórt i gCiarraí sa samhradh, creidim.
- Séamas: Agus cá bhfuil tú ag dul anois?
- Máire: Tá mé ag dul suas chuig na siopaí.
- Séamas: Faigh fiche toitín dom ar do bhealach ar ais, le do thoil. Tá mé caillte gan toitín. Cá huair atá tú ag imeacht?
- Máire: Anois díreach. Seo chugainn an bus.


* NB : *dul* can be pronounced either 'dul' or 'gul'.

- 1.11.4. Séamas: Tell me this (lit. tell this to me), Máire. Where are you going on your holidays this year.
- Máire: I am going down to Kerry.
- Séamas: Do you go there every year?
- Máire: No, this is my first time (lit. this is the first time for me). I go to Galway usually, but there is great fun* in Kerry in the summer, I believe.
- Séamas: And where are you going now?
- Máire: I am going up to the shops.
- Séamas: Get twenty cigarettes for me on your way back, please. I am lost without a cigarette. When are you leaving?
- Máire: Just now. Here comes the bus.

* The prefix *an-* is used with either nouns or adjectives and means 'very' or 'great' e.g. *maith* (good) *an-mhaith* (very good); *scaifte* (crowd), *an-scaifte* (a great crowd). Notice that this prefix causes *séimhiú* to the following letter.

CEACHT A DÓ DHÉAG

1.12.1. CLEACHTADH



1. Cá huair a ? (a) Tagann an madadh rua an bealach.
(b) Feiceann sé an giota cáise.
(c) Osclaíonn sé a ghob.
(d) Titeann an giota cáise amach as a bhéal.
(e) Tógann sé an giota cáise.
2. Cad é? (a) Feiceann sé.
(b) Santaíonn sé.
(c) Molann sé.
(d) Osclaíonn sé.
(e) Tógann sé.
3. An ? (a) Tá an préachán ina shuí ar an chrann.
(b) Tagann an madadh rua.
(c) Feiceann sé an giota cáise.
(d) Labhraíonn sé leis an phréachán.
(e) Creideann sé an madadh rua.
4. Cá háit? (a) Tá an préachán ina shuí.
(b) Feiceann sé an giota cáise.
(c) Titeann an giota cáise.
(d) Faigheann sé é.
(e) Imíonn sé.

1.12.1.

The following is a series of drills to consolidate the practice in previous lessons on the mutations (i.e sound changes) that occur in Irish after certain words. These mutations (séimhiú and urú) are given in table form in an appendix at the end of the course, but it is important for the learner to practise them actively as well.

1. *Cá huair a*? When ...?
 - a) The fox comes (along) the way. - *Cá huair a thagann...*?
When does the fox come...?
 - b) He sees the piece of cheese. - *Cá huair a fheiceann...*?
 - c) He opens his beak - *Cá huair a osclaíonn...*?
 - d) The piece of cheese falls out of his mouth - *Cá huair a thiteann...*?
 - e) He lifts the piece of cheese - *Cá huair a thógann...*?
2. *Cad é*? What ...?
 - a) He sees. - *Cad é fheiceann sé?* - What does he see?
 - b) He covets. - *Cad é shantaíonn sé?*
 - c) He praises. - *Cad é mholann sé?*
 - d) He opens. - *Cad é osclaíonn sé?*
 - e) He lifts. - *Cad é thógann sé?*
3. *An*? used to introduce a simple question.
 - a) The crow is sitting on the tree. - *An bhfuil an...?* Is the ...?
 - b) The fox comes. - *An dtagann...?*
 - c) He sees the piece of cheese. *An bhfeiceann...?*
 - d) He speaks to the crow. *An labhraíonn...?*
 - e) He believes the fox. - *An gcreideann...?*
4. *Cá háit a*? Where ...?
 - a) The crow is sitting. - *Cá háit a bhfuil an...?*
- Where is the...?
 - b) He sees the piece of cheese. - *Cá háit a bhfeiceann...?*
 - c) The piece of cheese falls. - *Cá háit a dtiteann...?*
 - d) He gets it. - *Cá háit a bhfaigheann sé é?*
 - e) He goes off. - *Cá háit a n-imíonn sé?*

1. Tá an préachán ina shuí ar an chrann. Tá giota cáise ina ghob. Tagann an madadh rua an bealach. Feiceann sé an giota cáise agus santaíonn sé é.
2. Labhraíonn an madadh rua leis an phréachán agus molann sé a ghuth.
3. Creideann an préachán an madadh rua agus tosaíonn sé ag ceol. Nuair a osclaíonn sé a ghob, titeann an giota cáise síos ar an talamh.
4. Tógann an madadh rua é agus imíonn sé.

1.12.2. TEIST Questions on tape

1.12.3. LÉIGH

Fear: An mbíonn tú anseo go minic?

Caillín: Leoga, ní bhím. Bíonn an halla seo i gcónaí róphlódaithe. Tagaim anseo uair sa choicís, b'fhéidir, nó uair sa mhí - nuair a bhíonn banna ceoil maith ag seinm.

Fear: Bhuel, cad é eile a dhéanann tú mar sin?

Caillín: Braitheann sin ar an aimsir. Nuair a bhíonn sé tirim is maith liom bheith amuigh faoin spéir; nuair a bhíonn sé doineanta fanaím istigh sa bhaile nó téim amach chuig damhsa nó chuig na pictiúir.

1. The crow is sitting on the tree. There is a piece of cheese in his beak. The fox comes (along) the way. He sees the piece of cheese and he covets it.
2. The fox speaks to the crow and he praises his voice.
3. The crow believes the fox and he starts singing. When he opens his beak, the piece of cheese falls down on the ground.
4. The fox lifts it and goes off.

1.12.2. Cá bhfuil an préachán?

Tá sé ina shuí ar an chrann.

Cad é tá ina ghob?

Tá giota cáise ina ghob.

Cad é dhéanann an madadh rua nuair a (when) fheiceann sé an giota cáise?

Santaíonn sé é.

Cad é dhéanann an préachán nuair a mholann an madadh rua a ghuth?

Creideann sé é.

Cad é tharlaíonn nuair a osclaíonn an préachán a ghob?

Titeann an giota cáise ar an talamh.

Cad é dhéanann an madadh rua nuair a thógann sé an giota cáise?

Imíonn sé.

1.12.3. Man: Are you here often?

Girl: Indeed, I am not. This hall is always too crowded. I come here once a fortnight (lit. once in the fortnight), perhaps, or once in a month when a good band is playing.

Man: Well, what else do you do then?

Girl: That depends on the weather. When it is dry I like to be out of doors (lit. out under the sky); when it is stormy I stay at home or I go out to a dance or to the pictures (i.e. the cinema).

1. Tá an préachán ina shuí ar an chrann. Tá giota cáise ina ghob. Tagann an madadh rua an bealach. Feiceann sé an giota cáise agus santaíonn sé é.
2. Labhraíonn an madadh rua leis an phréachán agus molann sé a ghuth.
3. Creideann an préachán an madadh rua agus tosaíonn sé ag ceol. Nuair a osclaíonn sé a ghob, titeann an giota cáise síos ar an talamh.
4. Tógann an madadh rua é agus imíonn sé.

1.12.2. TEIST Questions on tape

1.12.3. LÉIGH

- Fear:** An mbíonn tú anseo go minic?
- Caillín:** Leoga, ní bhím. Bíonn an halla seo i gcónaí róphlódaithe. Tagaim anseo uair sa choicís, b'fhéidir, nó uair sa mhí - nuair a bhíonn banna ceoil maith ag seinm.
- Fear:** Bhuel, cad é eile a dhéanann tú mar sin?
- Caillín:** Braitheann sin ar an aimsir. Nuair a bhíonn sé tirim is maith liom bheith amuigh faoin spéir; nuair a bhíonn sé doineanta fanaím istigh sa bhaile nó téim amach chuig damhsa nó chuig na pictiúir.

1. The crow is sitting on the tree. There is a piece of cheese in his beak. The fox comes (along) the way. He sees the piece of cheese and he covets it.
2. The fox speaks to the crow and he praises his voice.
3. The crow believes the fox and he starts singing. When he opens his beak, the piece of cheese falls down on the ground.
4. The fox lifts it and goes off.

- 1.12.2. *Cá bhfuil an préachán ?
Tá sé ina shuí ar an chrann.
Cad é tá ina ghob ?
Tá giota cáise ina ghob.
Cad é dhéanann an madadh rua nuair a (when) fheiceann sé an giota cáise ?
Santaíonn sé é.
Cad é dhéanann an préachán nuair a mholann an madadh rua a ghuth ?
Creideann sé é.
Cad é tharlaíonn nuair a osclaíonn an préachán a ghob ?
Titeann an giota cáise ar an talamh.
Cad é dhéanann an madadh rua nuair a thógann sé an giota cáise ?
Imíonn sé.*

- 1.12.3. **Man:** Are you here often?
- Girl:** Indeed, I am not. This hall is always too crowded. I come here once a fortnight (lit. once in the fortnight), perhaps, or once in a month when a good band is playing.
- Man:** Well, what else do you do then?
- Girl:** That depends on the weather. When it is dry I like to be out of doors (lit. out under the sky); when it is stormy I stay at home or I go out to a dance or to the pictures (i.e. the cinema).

1.12.4. AMHRÁN Bheir Mi Ó

Bheir mi óró, bhean o,
Bheir mi óró, bhean i,
Bheir mi óró ó,
Tá mé brónach a's tú i m' dhíth.

'S iomaí oíche fliuch a's fuar,
Thug mé cuairt a's mé liom féin,
Nó gur tháinig mé san áit,
Mar a raibh grá geal mo chléibh.

Bheir mi óró, bhean o,
Bheir mi óró, bhean i,
Bheir mi óró ó,
Tá mé brónach a's tú i m' dhíth.

I mo chláirseach ní raibh ceol,
I mo mhéara ní raibh brí,
Nó gur luaigh tú do rún,
'S fuair mé eolas ar mo dhán.

1.12.4. There are a number of songs of Scottish Gaelic origin which are common among Irish speakers, a fact which illustrates the close relationship that exists between the two languages. The original Gaelic chorus of this Irish version of *Bheir mi o* is substantially retained, the last line only being rendered in Irish. Indeed the Irish translation of the whole song involves very few changes to the original Gaelic version.

SONG Bheir mi o


Bheir mi oro, bhean o,
Bheir mi oro, bhean i,
Bheir mi oro o,
I am sad for the want of you.

Many a night wet and cold,
I visited by myself,
Until I came to the place,
Where dwelt the bright love of my breast.

In my harp there was no music,
In my fingers there was no power,
Until you announced your intention,
And I got to know my destiny.

CEACHT A TRÍ DÉAG

1.13.1. CLEACHTADH



CONALL

BRÍD



NA PÁISTÍ

SAMPLA: *Cad é tá agat, a Chonaill? Tá cúig phunt agam.*
Cad é tá ag Bríd? Tá punt amháin aici.
An bhfuil dhá phunt aici? Níl, tá punt amháin aici.
Cad é tá agaibh, a pháistí? Tá rothar againn.
Cad é tá ag na páistí, a Bhríd? Tá rothar acu.

1. Tá airgead ag Máire agus Síle?
 agus Liam?
 agus na fir?
 agus muid féin?
 agus tú féin?
2. An bhfuil an t-am agat? ... agus Peadar?
 agus na mná?
 agus Máire?
 agus sibh féin?
3. Níl ciall ar bith ag Eoin ... agus Úna?
 agus tú féin?
 agus na cailíní?
 agus mé?

1.13.1. There is no verb *to have* in Irish. Instead the preposition *ag* is used to express the idea. Thus *Tá leabhar ag Liam* means *Liam has a book*. As with *dó* the preposition *ag* combines with the personal pronouns in single word forms (vid. Aonad 1.11.1.)

Thus: *Tá leabhar agam* - I have a book
Tá leabhar agat - You have a book
Tá leabhar aige - He has a book
Tá leabhar aici - She has a book
Tá leabhar againn - We have a book
Tá leabhar agaibh - You have a book
Tá leabhar acu - They have a book

Example: What have you got, Conall? I have five pounds.*
 What has Bríd got? She has one pound.
 Has she two pounds? No, she has one pound.
 What have you got children? We have a bicycle.

* Notice the special forms of some of the numerals when used with nouns. Notice also that the numerals from 2 to 6 cause *séimhiú* to the following noun, and those from 7 to 10 *urú* e.g.


<i>punt amháin</i>	- £1	<i>ocht bpunt</i>	- £8
<i>dhá phunt</i>	- £2	<i>naoi bpunt</i>	- £9
<i>trí phunt</i>	- £3	<i>deich bpunt</i>	- £10
<i>ceithre phunt</i>	- £4	<i>punt déag</i>	- £11
<i>cúig phunt</i>	- £5	<i>dhá phunt déag</i>	- £12
<i>sé phunt</i>	- £6	<i>trí phunt déag</i>	- £13
<i>seacht bpunt</i>	- £7	<i>... srl.</i>	- ...etc.

1. Máire has money and Síle? *aici*
 and Liam? *aige*
 and the men? *acu*
 and ourselves? *againn féin*
 and yourself? *agat féin*
2. Have you the time and Peadar? *aige*
 and the woman? *acu*
 and Máire? *aici*
 and yourselves? *agaibh féin*
3. Eoin hasn't any sense ... and Úna? *aici*
 and yourself? *agat féin*
 and the girls? *acu*
 and I? *agam*

1.13.2. TEIST Questions on tape

- 1.13.2. *Cad é tá ag Conall?*
Tá cúig phunt aige.
An bhfuil ceithre phunt aige?
Níl, tá cúig phunt aige.
Cad é tá agat, a Chonaill?
Tá cúig phunt agam.
Cad é tá agat, a Bhríd?
Tá punt amháin agam.
An bhfuil dhá phunt ag Bríd, a Chonaill?
Níl, tá punt amháin aici.
Cad é tá ag na páistí?
Tá rothar acu.
Cad é tá agaibh, a pháistí?
Tá rothar againn.
An bhfuil carr agaibh?
Níl, tá rothar againn.

1.13.3. CLEACHTADH



SAMPLA: *Cad é tá ar Eoin? Tá tuirse air.*
Cad é tá ort, a Eoin? Tá tuirse orm.
An bhfuil tuirse ar Thomás?
Níl, tá tinneas cinn air.
Cad é tá ar na páistí, a Eoin?
Tá ocras orthu.
Cad é tá oraibh, a pháistí?
Tá ocras orainn.

- 1.13.3. As a general rule feelings, emotions, conditions (hunger, sickness, surprise etc.) are expressed in Irish as being 'on you'. Thus *Tá ocras ar Liam* means *Liam is hungry* (lit. Hunger is on Liam). The various forms of the preposition *ar* used in conjunction with the personal pronouns are:

<i>Tá tart orm</i>	- I am thirsty (lit. Thirst is on me)
<i>Tá tart ort</i>	- You are thirsty
<i>Tá tart air</i>	- He is thirsty
<i>Tá tart uirthi</i>	- She is thirsty
<i>Tá tart orainn</i>	- We are thirsty
<i>Tá tart oraibh</i>	- You are thirsty
<i>Tá tart orthu</i>	- They are thirsty

Example: What is wrong with Eoin? (lit. What is on Eoin?)
 He is tired.
 What is wrong with you Eoin?
 I am tired.
 Is Tomás tired?
 No, he has a headache.
 What is wrong with the children, Eoin?
 They are hungry.
 What is wrong with you, children?
 We are hungry.

1. Tá tuirse ar Eoin agus Liam?
agus Máire?
agus na cailíní?
agus sibh féin?
2. Tá tinneas cinn ar Eoin agus Dónall?
agus do mháthair.
agus na mná?
3. Tá ocras ar an leanbh agus tú?
agus tusa?
agus Tomás?
agus mise?
4. Níl tart ar an seandúine agus na cailíní?
agus sibhse?
agus muidinne?
agus na buachaillí?

1. Eoin is tiredand Liam ? *air*
and Máire ? *uirthi*
and the girls ? *orthu*
and yourselves ? *oraibh féin*
2. Eoghan has a headacheand Dónall ? *air*
and your mother ? *uirthi*
and the women ? *orthu*
3. The baby is hungryand you ? *ort*
and you*? *ortsa*
and Tomás ? *air*
and I? *ormsa*
4. The old man is not thirstyand the girls ? *orthu*
and you? *oraibhse*
and we? *orainne*
and the boys ? *orthu*

*We have already met some of the emphatic forms of the personal pronouns *mé mise, tú tusa* etc. In English no such forms exist. Instead emphasis is indicated in speech by the voice or in writing by underlining or italics. Thus a sentence like [*I am going*] is expressed in Irish as *Tá mé ag dul*, but *I [emphasised] am going* is rendered as *Tá mise ag dul*. Each personal pronoun has its emphatic form, and each prepositional pronoun has its regular emphatic form also. The full set of emphatic endings are:

mé / mise = I / <i>I</i>	-	orm / ormsa = on me / on <i>me</i>
tú / tusa = you / <i>you</i>	-	ort / ortsa = on you / on <i>you</i>
sé / seisean = he / <i>he</i>	-	air / airsean = on him / on <i>him</i>
sí / sise = she / <i>she</i>	-	uirthi / uirthise = on her / on <i>her</i>
muid / muidinne = we / <i>we</i>	-	orainn / orainne = on us / on <i>us</i>
sibh / sibhse = you / <i>you</i>	-	oraibh / oraibhse = on you / on <i>you</i>
siad / siadsan = they / <i>they</i>	-	orthu / orthusan = them / on <i>them</i>

1.13.4. TEIST Questions on tape

- 1.13.4. *Cad é tá ar Eoin ?
Tá tuirse air.
An bhfuil tart air ?
Níl, tá tuirse air.
Cad é tá ort, a Eoin ?
Tá tuirse orm.
Cad é tá ar Úna ?
Tá tart uirthi.
Cad é tá ar na páistí ?
Tá ocras orthu.
Cad é tá oraibh, a pháistí ?*

1.13.5. ABAIRTÍ

1. Tá a fhios agam.
2. An bhfuil a fhios agat?
3. Bíodh ciall agat!

1.13.6. LÉIGH

- Seán:** Ceist agam ort, a Dheirdre. Cad é mar oibríonn tú an gléas seo?
- Deirdre:** Gabh mo leithscéal, a Sheáin, ach níl an t-am agam fanacht anois. Tá an-deifir orm. Tá mo mháthair tinn agus tá mé ar mo bhealach chuig an dochtúir.
- Seán:** Och, tá sin millteanach. Cad é tá uirthi ar chor ar bith?
- Deirdre:** Níl a fhios agam. Tinneas goile, b'fhéidir, ach tá mé ag dul chuig an dochtúir ar eagla na heagla.
- Seán:** Tá an ceart agat, a Dheirdre, ach ná bíodh imní ort. Tá do mháthair ceart go leor, tá mé cinnte.

Tá ocras orainn.

An bhfuil tart oraibh, a pháistí?

Níl, tá ocras orainn.

An bhfuil tinneas goile (stomach ache) ar Thomás?

Níl, tá tinneas cinn air.

- 1.13.5. 1. I know. (lit. I have its knowledge)
2. Do you know?
3. Have sense!

- 1.13.6. **Seán:** Answer me this, Deirdre. (lit. I have a question for you.) How do you work this appliance?
- Deirdre:** Excuse me, Seán, but I haven't the time to stay now. I'm in a great hurry. My mother is sick, and I am on my way to the doctor.
- Seán:** Oh, that's terrible. What is wrong with her at all?
- Deirdre:** I don't know. A stomach ache, perhaps, but I am going to the doctor just in case.
- Seán:** You are right Deirdre, but do not worry. Your mother is alright, I am sure.

CEAUGHT A CEATHAIR DÉAG

1.14.1. CLEAUGHTADH

- a) Tig liom ceol agus Liam?
 agus Máire?
 agus muid?
 agus na fir?
- b) An dtig leat dul? agus mise?
 agus an páiste?
 agus an cailín?
 agus sibh?
- c) Ní thig liom fanacht agus tusa?
 agus sibhse?
 agus na mná?
 agus tú?
- d) Is cuma le Seán agus mé?
 agus mise?
 agus na buachaillí?
 agus muidinne?
 agus an fear?
 agus an bhean?

- e) *Is maith liom ...*
1. Tá mé ag imirt billéardaí.
 2. Tá sé ag ceannach éadaí nua.
 3. Tá sí amuigh faoin spéir.

1.14.1. The first set of drills in this unit deals with a common alternative to the *Tá mé ábalta ...* expression met earlier (vid. Aonad 1.7.1.). *Tá Liam ábalta damhsa* can be expressed also as *Tig le Liam damhsa*. The preposition *le* combines with the personal pronouns to give the following forms:

<i>tig liom</i>	-	I can
<i>tig leat</i>	-	you can
<i>tig leis</i>	-	he can
<i>tig léi</i>	-	she can
<i>tig linn</i>	-	we can
<i>tig libh</i>	-	you can
<i>tig leo</i>	-	they can

- a) I can sing and Liam? *leis*
 and Máire? *léi*
 and we? *linn*
 and the men? *leo*
- b) Can I go? and I? *liomsa**
 and the child? *leis*
 and the girl? *léi*
 and you? *libh*
- c) I cannot stay and you? *leatsa**
 and you? *libhse**
 and the women? *leo*
 and you? *leat*
- d) Seán doesn't care and I? *liom*
 and I? *liomsa**
 and the boys? *leo*
 and we? *linne**
 and the man? *leis*
 and the woman? *léi*

* Emphatic forms (vid. 1.13.3.)

The preposition *le* is also used in expressions like *Is maith liom* - I like and *Is fearr liom* - I prefer.

- e) I like ...
1. I am playing billiards.
Is maith liom billéardaí a imirt. (I like to play billiards)
 2. He is buying new clothes.
Is maith leis éadaí nua a cheannach. (He likes to buy...)
 3. She is out of doors.
Is maith léi bheith amuigh faoin spéir.
 (She likes to be ...)

- f) *Is fearr liom ...*
1. Tá tú ag caitheamh toitíní.
 2. Tá mé ag tiomáint carr beag.
 3. Tá siad ag siúl abhaile.

1.14.2. TEIST Questions on tape

- a) Is maith liom bheith amuigh faoin spéir ach is fearr liom bheith istigh sa teach ag léamh ... agus Liam?
 - b) Is cuma le Seán faoin teilifís de ghnáth ach is maith leis dráma maith a fheiceáil anois agus arís ... agus mé?
 - c) Tig leis an leanbh seasamh anois ach ní thig leis siúl go fóill ... agus na leanaí eile?
 - d) Tá mé ábalta ... Tig liom
1. Níl mé ábalta carr a thiomáint go fóill.
 2. Tá sí ábalta amhrán an-deas a cheol.
 3. Tá siad ábalta a rothar féin a dheisiú.
 4. An bhfuil sibh ábalta Gaeilge a léamh go fóill?

1.14.3. LÉIGH

- Eoin: Faoi Dhia, a Phádraig, cad é tá tú a dhéanamh ar chor ar bith?
- Pádraig: Ara, drochrath air! Tá mé ag iarraidh mo charr a dheisiú. Tá sé pollta.
- Eoin: Ach ní thig leat carr a thógáil mar sin. Fan. Tá seac agam áit éigin sa teach.
- Pádraig: Ná bac leis. Tá sé agam anois. Seo, cuir an chloch seo faoin roth agus tá liom.

- f) I prefer ...
1. You are smoking cigarettes.
Is fearr leat toitíní a chaitheamh. (You prefer to smoke)
 2. I am driving a small car.
Is fearr liom carr beag a thiomáint. (I prefer to drive)
 3. They are walking home.
Is fearr leo siúl abhaile. (They prefer to walk ...)

- 1.14.2. a) I like to be out of doors but I prefer to be inside the house reading ... and Liam?
(Change the underlined sections to *leis* to express *He likes ...* etc.)
- b) Seán does not care about the television usually but he likes to see a good play now and again ... and I?
(Change the underlined sections to *liom* to express *I do not care ...* etc.)
- c) The baby can stand now but he cannot walk yet ... and the other babies?
(Change underlined sections to *leo* to express *They can ...* etc.)
- d) I am able - I can
1. I am not able to drive a car yet. *Ní thig liom ...*
 2. *She is able to sing a very nice song. Tig léi ...*
 3. *They are able to repair their own bicycle. Tig leo ...*
 4. *Are you able to read Irish yet? An dtig libh ...?*

1.14.3. READ

- Eoin: Good Heavens (lit. Under God!), Pádraig, what are you doing at all?
- Pádraig: Ah, bad luck to it ! I am trying to repair my car. It is punctured.
- Eoin: But you cannot lift a car like that. Hold on. I have a jack some place in the house.
- Pádraig: Don't bother with it. I have it now. Here, put this stone under the wheel and I'm there (lit. It is with me).

1.14.4. AMHRÁN An Bacach Buí

Is bacach mise ar aon chois,
Siúlaimse go státúil,
Níl baile mór in Éirinn,
Nach dtógfainn mo chíos,
Ó Chorcaigh go Binn Éadair,
'S go Baile Átha Cliath ina dhiaidh sin,
O dhroichead Bhéal an Aonaigh go Contae
na Mí.

Curfá: Tydil-ydl-ero: tidil-i-ydl-ero,
Tydil-ydl-ero: rex fol-de-dí (2)

Tá mo chur a's mo threabhadhsa déanta,
Mo chíos rannta ar Éirinn,
Mo chapall a's mo chaora,
Is orthu nach bhfuil baol,
Mo phaidrín idir mo mhéara,
A's mo phéire croisín gléasta,
Nach deas mo chulaith éadaí,
A chaill', a chara siúil.

1.14.4. SONG

The Tow-haired Beggar

I am a beggar on one leg,
I walk in a stately fashion,
There is not a town in Ireland,
Where I don't collect my rent,
From Cork to Howth, and to Dublin after that,
From the bridge of Fairtown to County Meath.



My sowing and my ploughing are done,
My rent distributed throughout Ireland,
My horse and my sheep,
Are not in any danger,
My rosary between my fingers,
And my pair of crutches ready,
How fine my suit of clothes is,
Mate* and tramping friend.

* *a chaill* is an abbreviated form of *a chailleach*, a familiar form of address corresponding to 'mate' or 'pal' in English.

CEACHT A CÚIG DÉAG

1.15.1. CLEACHTADH

SAMPLA *Cad é tá daor? Tá an hata daor.
An bhfuil an carbhat daor? Níl, tá sé saor.
Tá an hata níos daoire ná an léine agus tá
an léine níos daoire ná an carbhat.
Is é an hata is daoire.
An é an hata is saoire? Ní hé, is é an carbhat
is saoire.
An é an hata is daoire? Is é (Sé).*



1.15.1. Example: What is dear The hat is dear.
Is the tie dear? No, it is cheap.
The hat is dearer than the shirt
and the shirt is dearer than the tie.
The hat is the dearest.
Is the hat the cheapest? No, the tie is the cheapest.
Is the hat the dearest? Yes.

This unit deals with the adjective and its degrees of comparison. The comparative *better* and superlative *best* degrees of the adjective are formed from the base or ordinary form of the adjective by adding *-e* to it. If the base form is broad i.e. its final consonant is broad (see note 1.8.1.), it must first be made slender (this normally means placing *i* after the last vowel). Thus *daor* (dear) becomes *daoire*, *óg* (young) becomes *óige* and *glic* (crafty) becomes *glice*.

Adjectives ending in *-úil* change this ending to *-úla*, and those ending in *-ach* change to *-aí* e.g.

flaithiúil (generous) - *flaithiúla*
tostach (quiet, taciturn) - *tostaí*

Adjectives ending in a vowel are not normally changed. This special form of the adjective is preceded by *níos* to form the comparative degree, and by *is* to form the superlative degree. Compare the somewhat similar use of *more* and *most* in English with words like *beautiful* or *eminent*.

e.g. *Tá uachtar níos daoire ná bainne.*
Cream is dearer than milk.
Tá bus níos moille ná carr.
A bus is slower than a car.
An fear is glice.
The craftiest man.
An duine is flaithiúla.
The most generous person.

Many of the adjectives used in this lesson are very common and, as they tend to be in most languages, are irregular. Think of the degrees of such common adjectives in English as *bad*, and *good* etc. The great majority of Irish adjectives are regular and follow the pattern outlined above.

a) e.g. *Tá an cat mór ach ... Tá an capall níos mó ná é.*

1. Tá Conall maith ach ... Eoin?
2. Tá an cat mór ach ... an capall?
3. Tá an carr gasta ach ... an t-eitleán?
4. Tá an cailín óg ach ... an leanbh?
5. Tá an léine daor ach ... an hata?
6. Tá Conall olc ach ... Liam?
7. Tá an cat beag ach ... an luchóg?
8. Tá an carr mall ach ... an rothar?
9. Tá an cailín sean ach ... an seandúine?
10. Tá an léine saor ach ... an carbhat?

Notice the verb used in the sentences with the superlative - the 'highest' degree. This is the verb *is* and it is used to translate *is*, *am* and *are* when both the subject (the 'doer') and the object (the receiver of the action of the verb) are both a noun or a pronoun e.g. *He is the man. We are the people. John is the tallest boy. It is the cheapest hat.*

e.g. *Is é Eoin an buachaill is mó.*
Eoin is the biggest boy.
An é an cat is mó? Is é (Sé).* Ní hé.
Is the cat the biggest? Yes. No.

* *Sé* is a common short form of *Is é*.
We will be dealing with this verb again later on. In the meantime, however, this reference to it will suffice for handling sentences involving the superlative degree of the adjective.

a) e.g. The cat is big but ... the horse is bigger than it.

1. Conall is good but ... Eoin? ...
Tá Eoin níos fearr ná é.
2. The cat is big but ... the horse? ...
Tá an capall níos mó ná é.
3. The car is fast but ... the aeroplane? ...
Tá an t-eitleán níos gasta ná é.
4. The girl is young but ... the infant? ...
Tá an leanbh níos óige ná í.
5. The shirt is dear but ... the hat? ...
*Tá an hata níos daoire ná í.**
6. Conall is bad but ... Liam? ...
Tá Liam níos measa ná é.
7. The cat is small but ... the mouse? ...
Tá an luchóg níos lú ná é.
8. The car is slow but ... the bicycle? ...
Tá an rothar níos moille ná é.
9. The girl is old but ... the old man? ...
Tá an seandúine níos sine ná í.
10. The shirt is cheap but ... the tie? ...
Tá an carbhat níos saoire ná í.

* The word *léine* is feminine, therefore we use the pronoun *í*.

b) e.g. *Cé acu is daoire - an hata nó an carbhat?*
Is é an hata is daoire.

1. Cé acu is fearr - Liam nó Conall?
2. Cé acu is lú - an cat nó an capall?
3. Cé acu is moille - an t-eitleán nó an rothar?
4. Cé acu is sine - an leanbh nó an cailín?
5. Cé acu is saoire - an hata, an carbhat nó an léine?
6. Cé acu is daoire an rothar, an carr nó an t-eitleán?
7. Cé acu is mó - an capall, an cat nó an luchóg?
8. Cé acu is measa - Conall, Liam nó Eoin?

c) e.g. *An é an cat is mó? Ní hé,*
is é an capall is mó.

1. An é Conall is measa?
2. An é an leanbh is óige?
3. An é an carr is gasta?
4. An é Eoin is fearr?
5. An é an capall is mó?

1.15.2. TEIST Questions on tape

- a) 1) Tá an cat ____ ach tá an capall níos ____ ná é.
 2) Tá an cailín ____ ach tá an leanbh ____ na í.
 3) Tá Conall ____ ach tá Eoin ____ ná é.
 4) Tá an léine ____ ach tá an hata ____ ná é.
 5) Tá an carr ____ ach tá an rothar ____ ná é.

b) e.g. Which is the dearest (dearer) - the hat or the tie? The hat is the dearest.*

1. Who is the best - Liam or Conall?
Is é Conall is fearr.
2. Which is the smallest - the cat or the horse?
Is é an cat is lú.
3. Which is the slowest - the aeroplane or the bicycle?
Is é an rothar is moille.
4. Who is the oldest - the infant or the girl?
Is í an cailín is sine.
5. Which is the cheapest - the hat, the tie or the shirt?
Is é an carbhat is saoire.
6. Which is the dearest - the bicycle, the car or the aeroplane?
Is é an t-eitleán is daoire.
7. Which is the biggest - the horse, the cat or the mouse?
Is é an capall is mó.
8. Who is the worst - Conall, Liam or Eoin?
Is é Liam is measa.

* In Irish you do not distinguish between comparing two things and more than two as you do in English. You use the same form in all cases.

c) e.g. Is the cat the biggest? No, the horse is the biggest.

1. Is Conall the worst?
Ní hé, is é Liam is measa.
2. Is the infant the youngest? *Sé.*
3. Is the car the fastest?
Ní hé, is é an t-eitleán is gasta.
4. Is Eoin the best? *Sé.*
5. Is the horse the biggest? *Sé.*

- 1.15.2. a) 1. *mór:níos mó* The cat is big but the horse is bigger than it.
 2. *óg:níos óige* The girl is young but the infant is younger than her.
 3. *maith:níos fearr* Conall is good but Eoin is better than him.
 4. *daor:níos daoire* The shirt is dear but the hat is dearer than it.
 5. *mall:níos moille* The car is slow but the bicycle is slower than it.

- b) 1) Cé acu is sine - an cailín nó an seandúine?
 2) Cé acu is mó - Meiriceá nó Éire?
 3) Cé acu is daoire an carr nó an rothar?
 4) Cé acu is lú - an cailín nó an leanbh?

1.15.3. LÉIGH

Fear: Dia dhuit, a bhean uasal, cad é thig liom á dhéanamh duit?
Custaiméir: Ba mhaith liom hata nua, le do thoil. Ceann maith.
Fear: Seo ceann deas - an cineál is faiseanta. Cuir ort é.
Custaiméir: An ceann is deise fosta. Cá mhéad atá air?
Fear: Cúig phunt.
Custaiméir: Och! tá sin millteanach daor.
Fear: Tá siad níos daoire arís gach áit eile. Seo an siopa is saoire sa chathair.


- b) 1. Who is the oldest - the girl or the old man?
Is é an seandúine is sine.
 2. Which is the biggest - America or Ireland?
Is é Meiriceá is mó.
 3. Which is the dearest - the car or the bicycle?
Is é an carr is daoire.
 4. Who is the smallest - the girl or the infant?
Is é an leanbh is lú.

1.15.3. READ

Man: Hello, madam, what can I do for you?
Customer: I would like a new hat, please. A good one.
Man: Here's a nice one - the most fashionable kind. Put it on you.
Customer: The nicest one also. How much is it?
Man: Five pounds.
Customer: Oh! that's terribly dear.
Man: They are dearer again everywhere else (lit. every other place). This is the cheapest shop in the city.

CEACHT A SÉ DÉAG

1.16.1. CLEACHTADH



SAMPLA:

Fear: Cá bhfuil mo pheann?
 Bean: Tá sé ar an tábla.
 Cad é deir sí?
 Deir sí go bhfuil sé ar an tábla.
 Fear: Ceannaíonn mo chara an páipéar sin gach lá.
 Cad é deir sé?
 Deir sé go gceannaíonn a chara an páipéar sin gach lá.
 Bean: Ní itheann na páistí prátaí.
 Cad é deir sí?
 Deir sí nach n-itheann na páistí prátaí.

1.16.1.

WHAT

The dinner is ready DOES HE SAY? He says that the dinner is ready.

This unit deals with the notion of Indirect Speech in Irish i.e. when you are reporting the actual words a person spoke. In a sentence like *He says that he sees her often*, the word *that* is expressed in Irish by *go*. The negative form *that ... not* is expressed by *nach*.

e.g. *Labhraíonn sé Gaeilge go minic.*
 He speaks Irish frequently.
Deir sé go labhraíonn sé ...
 He says that he speaks ...
Deir sé nach labhraíonn sé ...
 He says that he does not speak ...

Notice that these words *go* and *nach* take the same form of the verb as the interrogative *an?* e.g.

<i>cuireann sé</i>	-	he puts
<i>an gcuireann sé?</i>	-	does he put?
<i>... go gcuireann sé</i>	-	... that he puts
<i>... nach gcuireann sé</i>	-	...that he doesn't put
<i>tá sé</i>	-	he is
<i>an bhfuil sé?</i>	-	is he?
<i>... go bhfuil sé</i>	-	... that he is
<i>... nach bhfuil sé</i>	-	...that he isn't

Example: Man: Where is my pen?
 Woman: It is on the table.
 What does she say?
 She says that it is on the table.
 Man: My friend buys that paper every day.
 What does he say?
 He says that his friend buys that paper every day.
 Woman: The children do not eat potatoes.
 What does she say?
 She says that the children do not eat potatoes.

- a) Deir sé 1. Tagann an fear sin anseo gach maidin.
 2. Ní théann an seandúine amach ar chor ar bith anois.
 3. Tá a athair iontach tinn.
 4. Níl Seán níos sine ná Séamas.
 5. Fágann an bus an stáisiún ar a trí.
 6. Bíonn an fear sin i gcónaí anseo.

- b) Creidim 1. Faigheann sé airgead go leor.
 2. Ní ólann sé deoir.
 3. Níl an teach sin mór go leor.
 4. Tá madadh le díol agat.
 5. Tuigeann tú an scéal anois.
 6. Ní thagann tú anseo ach go hannamh anois.

- c) Tá mé cinnte 1. Is cuma le Seán anois.
 2. Ní leor sin.
 3. Is fearr leis na páistí bheith amuigh.
 4. Is maith leat an cóta nua seo.
 5. Tig leis Gaeilge a labhairt.
 6. Ní thig leis bheith anseo go luath.

- a) He says 1. That the man comes here every morning.
Deir sé go dtagann...
 2. The old man doesn't go out at all now.
... nach dtéann ...
 3. His father is very sick.
... go bhfuil ...
 4. Seán is not older than Séamas.
... nach bhfuil ...
 5. The bus leaves the station at three.
... go bhfágann ...
 6. That man is always here.
... go mbíonn ...

- b) I believe 1. He gets enough money.
... go bhfaigheann ...
 2. He doesn't drink a drop.
... nach n-ólann ...
 3. That house isn't big enough.
... nach bhfuil ...
 4. You have a dog to sell.
... go bhfuil ...
 5. You understand the matter now.
... go dtuigeann ...
 6. You only come here infrequently now.
... nach dtagann ...

- c) I am certain 1. Seán doesn't care now.
*... gur ...**
 2. That isn't enough.
... nach ...
 3. The children prefer to be outside.
... gur ...
 4. You like this new coat.
... gur ...
 5. He can speak Irish.
... go dtig leis ...
 6. He cannot be here early.
... nach dtig leis ...

* The Indirect Speech forms of the verb *is*, used in expressions like *is maith liom* I like, *is cuma liom* I don't care etc., are *gur* and *nach*.

1.16.2. TEIST

- "Tá an páiste tinn agus níl leigheas ar bith sa teach." Cad é deir sé?
- "Tagann bus anseo ar a dó ach ní fhanann sé ach cúpla bomaite." Cad é deir sé?
- "Is cuma leatsa faoin leabhar ach is maith leis na páistí é." Cad é deir sé?
- "Tá carr ag Conall agus tig leis dul." Cad é deir sé?

1.16.3. LÉIGH

- Siún: Deir tusa, a Eoghain, go gcaithfidh tú dul anois ach tá a fhios agamsa nach dtig leat dul go fóill.
- Eoghan: Cad é tá i gceist agat, a Shiún? Ní thuigim thú.
- Siún: Bhuel, amharc amach an fhuinneog. Tá sé ag éirí dorchá anois agus tá mé cinnte go bhfuil sioc ar na bóithre. Is fearr duit fanacht anseo anocht. Tig leat dul ar maidin.
- Eoghan: Ach, ní thig liom fanacht. Caithfidh mé bheith san oifig go luath maidin amárach. Tá a fhios agat go bhfuil muid iontach gnóthach faoi láthair.
- Siún: Bíodh agat. Ach bí cúramach.

1.16.4. AMHRÁN Dónall Óg

A Dhónaill Óig, má théann tú thar farraige,
Beir mé féin leat a's ná déan do dhearmad,
A's beidh agat féirín lá aonaigh a's margaidh,
A's iníon rí Gréige mar chéile leapa agat.

Bhain tú soir díom a's bhain tú siar díom,
Bhain tú romham a's bhain tú i mo dhiaidh díom.
Bhain tú an ghealach a's bhain tú an ghrian díom,
'S rómhór m'eagla gur bhain tú Dia díom.

- "The child is sick and there isn't any medicine in the house."
Deir sé go bhfuil ... agus nach bhfuil ...
- "The bus comes here at two but it only stays a couple of minutes."
Deir sé go dtagann ... ach nach bhfanann sé ...
- "You don't care about the book but the children like it."
Deir sé gur ... ach gur ...
- "Conall has a car and he can go."
Deir sé go bhfuil ... agus go dtig ...

1.16.3. READ

- Siún: You say, Eoghan, that you must go now, but I know that you cannot go yet.
- Eoghan: What do you mean, Siún. I don't understand you.
- Siún: Well, look out of the window. it is getting dark now and I am sure that there is frost on the roads. It is better for you to stay here tonight. You can go in the morning.
- Eoghan: But I cannot stay. I must be in the office early tomorrow morning. You know that we are very busy at present.
- Siún: Have it your own way. But be careful.

- 1.16.4. SONG This is one of the best known songs in the Irish tradition. In fact, it belongs to the Gaelic tradition as a whole as it is well known in Gaelic Scotland also. There are numerous versions of this love song; this particular one comes from Munster.

Young Dónall

Young Dónall, if you go over the sea,
Take me with you and do not forget,
And you will have a gift on fair and market days,
And the daughter of the king of Greece as your spouse.

You took the east from me, you took the west from me,
You took my future from me, you took my past from me,
You took the Moon and you took the Sun from me,
And I greatly fear that you have taken God from me.

CEACHT A SEACHT DÉAG

1.17.1. SEACHTADH

- a) Cad chuige a bhfuil tú anseo? Tá mé anseo ...
1. Ba mhaith liom deoch a fháil.
 2. Is mian liom an dráma a fheiceáil.
 3. Ba mhaith liom do shláinte a ól.
 4. Ba mhaith liom an ceol a chluinstin.
 5. Is mian liom mo scíth a dhéanamh.
 6. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh na cuairteoirí.
- b) Tá mé anseo ...
1. Faigh fiche toitín.
 2. Foghlaim ceird.
 3. Feic an pictiúr sin arís.
 4. Déan socrú leis na fir eile.
 5. Críochnaigh an obair.
 6. Tóg an scéal leis an rúnaí.

1.17.1. The first set of drills in this unit deals with the way you express purpose or 'in order to' in Irish. If you compare the two sentences below, (a) and (b), you will notice that the word (to) does not mean the same thing in both cases:

- a) I am able to see the play.
- b) I am here to see the play.

In (b) *to* could be replaced by *in order to* but not in (a). In Irish this difference calls for a slight change in the structure of the sentence:

Tig liom dráma a fheiceáil
I am able to see the play.
Tá mé anseo le dráma a fheiceáil
I am here (in order) to see a play.

- a) Why are you here? I am here ...
 1. I would like to get a drink ... *le deoch a fháil.*
 2. I wish to see the play ... *leis an dráma a fheiceáil.*
 3. I would like to drink your health ... *le do shláinte a ól.*
 4. I would like to hear the music ... *leis an ceol a chluinstin.*
 5. I wish to rest myself ... *le mo scíth a dhéanamh.*
 6. I would like to welcome the visitors ... *le fáilte a chur roimh na cuairteoirí.*
- b) I am here ...
 1. Get twenty cigarettes ... *le fiche toitín a fháil.*
 2. Learn a trade ... *le ceird a fhoghlaim.*
 3. See that picture again ... *leis an pictiúr sin a fheiceáil arís.*
 4. Make an arrangement with the other men ... *le socrú a dhéanamh leis na fir eile.*
 5. Finish the work ... *leis an obair a chríochnú.*
 6. Raise the matter with the secretary ... *leis an scéal a thógáil leis an rúnaí.*

The next set of drills deals with a method used in Irish to link two sentences together. This particular construction is used also in Hiberno-English (one of the many ways in which the English of Ireland has been influenced by Irish), so an example from that source may serve as an illustration. The two sentences *He is out playing* and *he is frozen to the bone*, if linked together in Hiberno-English would give *He is out playing and him frozen to the bone*. The two sentences *He is away out.* and *He*

- c) 1. Tá sé ag imeacht. Tá sé ar buile.
 2. Tá mé ag imirt. Níl mé gasta go leor anois.
 3. Tá sí ag obair. Tá sí ag titim as a seasamh le fliú.
 4. Tá na fir anseo. Tá siad réidh le dul ar stailc.
 5. Tá na páistí ar an trá. Tá an-spórt acu.
 6. Tá an seandúine sa bhaile. Níl cuidiú ar bith aige.

1.17.2. TEIST Questions on tape

- a) 1. Tá sé ag teacht. Tá sé ar buile liom.
 2. Tá an leanbh ag siúl. Níl sé ach bliain d'aois.
 3. Tá sé ag labhairt. Níl duine ar bith ag éisteacht.
 4. Tá mise ag obair go fóill. Tá gach duine eile ar laethanta saoire.
 5. Tá na fir críochnaithe anois. Tá siad réidh le dul abhaile.
 b) Cad chuige a bhfuil siad anseo?



hasn't a penny. if linked would give *He is away out and him without a penny*. This is not an essential sentence construction; sentences like these do not need to be linked in this way, but is a very common construction.

- c) 1. He is going off. He is enraged.
 ... agus é ar buile.
 2. I am playing. I am not fast enough now.
 ... agus gan mé gasta go leor anois. *
 3. She is working. She is falling off her feet with flu.
 ... agus í ag titim as a seasamh le fliú.
 4. The men are here. They are getting ready to go on strike.
 ... agus iad réidh le dul ar stailc.
 5. The children are on the beach. They are having great fun.
 ... agus an-spórt acu.
 6. The old man is at home. He has no help.
 ... agus gan cuidiú ar bith aige.
 * When there is a negative in the linked sentence this is expressed by the word *gan* (lit. without).

- 1.17.2. a) 1. He is coming. He is angry with me.
 ... agus é ar buile liom.
 2. The infant is walking. He is only a year old.
 ... agus gan é ach bliain d'aois.
 3. He is speaking. No one is listening.
 ... agus gan duine ar bith ag éisteacht.
 4. I am working yet. Everyone else is on holidays.
 ... agus gach duine eile ar laethanta saoire.
 5. The men are finished now. They are ready to go home.
 ... agus iad réidh le dul abhaile.
 b) Why are they here?
 1. Tá sé anseo le deoch a fháil.
 ... to get a drink.
 2. Tá sé anseo lena scíth a dhéanamh.
 ... to rest himself.
 3. Tá sé anseo le Gaeilge a fhoghlaim.
 ... to learn Irish.
 4. Tá sí anseo leis an pictiúr a fheiceáil.
 ... to see the film.
 5. Tá sí anseo le toitíní a cheannach.
 ... to buy cigarettes.

1.17.3. LÉIGH

- Áine: Céad fáilte romhat, a Pheadair. Ní fheicim thú an bealach seo go minic anois. Cad é thugann anseo thú inniu?
- Peadar: Tá mé anseo le dul ag iascaireacht. Deir do dheartháir liom go bhfuil neart bradán le fáil sa loch seo.
- Áine: Deir an deartháir sin níos mó ná a phaidreacha. Tá an loch seo iontach salach anois agus tá eagla orm nach bhfuil rud ar bith beo ann anois.
- Peadar: Dia'r sábháil ! Tá sin millteanach. Agus nach bhfuil an bardas ag déanamh rud ar bith faoi?
- Áine: Tá. Tá siad ag déanamh a ndíchill, ach gan leigheas acu air go fóill.

1.17.3. READ

- Áine: You're very welcome, Peadar. I don't see you this way often now. What brings you here today?
- Peadar: I'm here to go fishing. Your brother tells me that there are plenty of salmon to be got in this lake.
- Áine: That brother says more than his prayers. This lake is very dirty now and I'm afraid that there isn't any thing living in it now.
- Peadar: Good Heavens! (lit. God save us!) That's terrible. And isn't the corporation doing anything about it?
- Áine: Yes. They are doing their best, but they haven't a solution for it yet.

№ 0 3 3 6 9

KEVRENN GELTIEK
SKOL VEUR BREIZH UHEL
KERYANN ROAZON

CEAChT A HOChT DÉAG

1.18.1. CLEAChTADH

a) Cad é tá sé ag iarraidh a dhéanamh?

1. Bog an scriú seo.
2. Glac an saol go bog.
3. Ceannaigh feirm.
4. Cruinnigh na ceoltóirí le chéile.
5. Saothraigh cúpla punt.
6. Glaoigh ar na gardaí.
7. Lig an teach ar cíós.
8. Bain an corc as a bhuidéal seo.

1.18.1. Section (a) of this unit provides an opportunity for some further practice of the construction first met in Aonad 1.7.1. this time using the phrase *Tá mé ag iarraidh ...* I am trying to ...

a) What is he trying to do?

1. Move this screw.
Tá sé ag iarraidh an scriú seo a bhogadh.
He is trying to move this screw.
2. Take life easily.
... an saol a ghlacadh go bog.
3. Buy a farm.
... feirm a cheannach.
